

LÁMH DHEARG

Rí a bhí ina chomhnaidhe i bparáiste na mainistreach bhí sé posta le bainríoghan. Rugadh mac dófa agus nuair a rugadh é bhí lámh dhearg air. Chuir a mháthair miotóg ar a lámh le leisg na daoine a' feiceál a láimhe. Ní achar fada ina dhiaidh sin gur cailleadh a mháthair. Phós an rí aríst. Mhéaduigh an mac suas ina stócach an-mhaith. Bhí sé tógtha le sgoil ag an athair nuair a phós sé aríst. Bhí clann ag an mbean eile – an leasmháthair agus nuair a bhí siad a' cruachan chonnaic Lámh Dhearg go raibh sórt concéit aice leis féin.

Bhí sé suas ina fhear óg agus agus sé an obair a bhí air ag imtheacht ag fiadhach lena chú chuile lá. Lá dá ndeachaidh sé amach dubhairt sé nach raibh aon ghraithe aige filleadh abhaile go gcuirfeadh an leasmháthair chun báis é, gur aithnigh sé go gcuirfeadh sí chun báis é leis an ngráin a bhí aice air, agus ar seisean leis féin, "imtheochaidh mé romham go bhfeicfidh mé cé bhfuighfidh mé slighe bheatha níos luaithe ná a fhillfeas mé ar ais aice."

D'imthigh sé agus níor stop sé ariamh go ndeachaidh sé suas in aice le Baile Átha Cliath. Casadh feilméara dhó. D'fhan sé leis ar a bheathú. Ins an am sin ní raibh aon bhóthar ná posta in Éirinn ach fear sgéil ag imtheacht ó áit go háit. Bhí an lá seo sgata mór fear ag obair ag an bhfeilméara seo. Fuaidh an fear sgéil tharta. Chonnaic an feilméara an fear sgéil ag cainnt leis na fir. Ghlaoigh sé chun a ndinnéir ortha. Nuair a bhí siad ina suidhe ag an mbord d'fíafraigh sé díofa a raibh aon sgéal nua ag an bhfear sgéil indiu. Dubhairt siad leis nach raibh ach ach go raibh sé a' cuir tuairisg a' raibh fhios ag fear ar bith cé raibh fear a dtugaidís Lámh Dhearg air, go raibh a athair caillte agus go raibh ríoghamhlacht a athar fágtha aige, pé bir cá raibh sé.

"Chuala mé cainnt air" adeir an feilméara, "ach níl fhios agam cé hé."

Ní dhearna Lámh Dhearg a bhí ina shuidhe ag an mbord ach a lámh a chur suas agus a mhiotóg a bhaint di agus a lámh a spáint dó.

Nuair a chonnaic an feilméara an lámh chaith sé é féin ar a dhá ghlúin agus ghlac sé míle párdún faoin úsáid a bhí tugtha aige dhó ó tháinig sé chun an tighe.

"Eirigh suas" arsa Lámh Dhearg, "mise is ceart a dhul ar mo ghlúiní agus ní tusa. Ní bheinn-se beo indiu agus ní bheadh fhios cá mbeadh mé marach tusa. Ach amárach gabhfadh mise ar ais go dtí áitiú m'athar."

D'fhág sé slán agus beannacht ag an bhfeilméara lá ar na bháir agus sé a' déanamh ar a bhaile. Bhí sé a' tigheacht anuas go dtáinig sé go dtí an áit a dtugann siad Tuaim air. San am sin ní raibh i dTuaim ach talamh garbh mar bheadh talamh sléibhe ann. Nuair a bhí sé a' gabháil tríd d'eirigh girrphiadh. Lean a chú don ghirrphiadh agus mharbhuigh sé é. Nuair a tháinig sé go dtí an chú agus an girrphiadh, bhí an chú agus an girrphiadh marbh. Bhí an oiread sin caitheamh ina dhiaidh air go ndearnadh sé uaigh di agus chuir sé í. Chuir sé tomba os a cionn na con agus an teach is saidhbhre i dTuaim indiu tá an tomba ar a chúla sa gcúlshráid agus siin e an t-ughdar ar tugadh Tuaim ar an mbaile.

Rinne sé ar an mbaile annsin agus ins an am sin ní raibh aonach ná margadh seasta in aon áit agus ní raibh fhios céard iad. Dá mbeadh capall nó caora le díol agat chaithfeá imtheacht romhat an casán go gcastaoi fear leat a dteastóchadh a leithide uaidh. An lá a raibh an rí a dhul abhaile casadh an bheirt fhear dó ina seasamh ag argúinteacht. Nuair a tháinig sé chuca d'fíafraigh sé díofa cén t-ughdar argúinteacht a bhí aca.

"Cheannuigh mise bó indé ón bhfear seo" adeir an ceann eile, agus dubhairt sé go mblighfeadh sí ocht gcart bainne agus thug mé ocht bpunt dó. Nuair a thug mé abhaile í bhlith mé naoi gcart bainne uaithe agus tháinig mé indiu go dtugainn an punt dó. Ní ghlacfadh sé uaim é."

"Ní ghlacfad" adeir an fear eile. "Níor bhlith mise ariamh ach ocht gcart uaithe, agus ní ghlacfaidh mé ach ocht bpunt."

"Anois" adeir Lámh Dearg, déanfaidh mise fair play eadraí. Déanfaidh mé dhá leith den phunt. Tabhair thusa leath-shabhran dó" deir sé leis an bhfear a cheannuigh an bhó, "agus coinnigh tú féin an leath-shabhran eile."

"Sin fair play" ar siad-san, "ní féidir a dhul thairis."

"Cothrom bliain agus an lá indiu" adeir Lámh Dearg, "beidh aonach ins an spota seo. Díol tusa do bhó nó do chapall agus ceannuigheadh seisean é. Ceannuigheadh tusa chomh saor agus a fhéadfas tú agus díoladh seisean chomh daor agus a fhéadfas sé agus ní bheidh níos mó ann. Caithfidh chuile dhuine a thigheacht suas air sin." B'é sin an chéad aonach a tháinig ariamh in Éirinn agus sé an t-ughdar a tugadh aonach air mar gheall ar an fair play a tugadh ann.

Tháinig Lámh Dearg abhaile annsin go dtí teach a athar. Bhí an leas-mháthair agus an chlann uile go léir imighthe agus gan aon tuairisg ortha mar go raibh fhios aca go raibh sé a tigheacht, go raibh an ríogthamhlacht a dhul dó. Le gráin air d'imthigh siad sula dtagadh sé. Chaith sé sgathamh i gcaisleán a athar gan duine ná deoraidh aige ach é féin. Faoi cheann sgathaimh thóg sé isteach bráithre de chomhlúadar leis. Tháinig goin ar dhuine de an bráithre tar éis a bheith sgathamh ann agus níorbh fhéidir leis leatha sháith a fhágáil. Oidhche dá rabhadar ag ithe suipéir chuaidh an solus as. An fear a raibh an ghoin air, nuair a fuair sé an solus as, chuir sé a lámh anonn ar mhias an fhir eile go bhféadh sé fear is barrle n'ithe mar bhí an goin mór air.

D'airigh an fear eile é. Pé bir cén t-arm a bhí ina láimh aige bhuaile sé ar a mhéir é agus gharr sé é. Tháinig náire ar an bhfear agus d'eirigh sé ina sheasamh agus chuaidh sé amach. Bhí greim ar a mhéir aige agus bhí sé a' tabhairt fhola. Shiubhail sé soir le taobh na mainistreach. Sheas sé suas. "Iarraim impidhe agus achuine ar an Athair Síorruidhe agusa ar n Maighdean Bheannuighthe rud eicínt a chur aníos tríd an talamh a stopfas m'ocras anocht." Bhí sé a crathadh na méire agus ní raibh aon spota dá raibh dtor dá chuid fola a' tuitim nach raibh rud eicínt a' fás le taobh a lorgaí. Chuir sé síos a lámh agus d'airigh sé bláth agus d'ith sé ruainne dí. Nuair a bhí sin ithe aige chuir sé síos a láimh aríst agus tharraing sé aríst agus tharraing sé an rúta agus mar bheadh cuarlán fhataí aníos leis. Chomh luath agus d'ith se an chéad cheann aca bhí an ghoin stoptha. Bhí sé chomh folláin le aon bhráthair istigh sa gcoláiste agus sin é an áit ar fhás an chéad fhata ariamh in Éirinn.

Sa Mám 23/8/1933